



## SLÁINTE PHOIBLÍ

Tá méadú ar thábhacht an bheartais sláinte a bhuíochas do Chonradh Liospóin, mar a leagtar síos go ndéanfar ‘ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais’. Is leis na Ballstáit i gcónaí a luíonn an phríomhfhreagracht as chosaint sláinte agus, go háirithe, as córais chúram sláinte. Tá ról tábhachtach ag AE, áfach, maidir le feabhas a chur ar shláinte phoiblí, maidir le galair a chosc agus a bhainistiú, maidir le foinsí contúirte do shláinte an duine a mhaolú agus maidir le comhchuibhiú a dhéanamh ar straitéisí sláinte idir na Ballstáit. Rinne an tAontas beartas cuimsitheach a chur chun feidhme go rathúil trína straitéis sláinte dar teideal ‘Sláinte i leith Fáis’ agus trí chlár gníomhaíochta na straitéise sin (2014-2020), chomh maith lena dhéanamh trí mhol de reachtaíocht thánaisteach. Leanfaidh Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) de chistiú a sholáthar i gcaitheamh thréimhse an chláir ó 2021 go 2027.

### BUNÚS DLÍ:

Airteagal 168 CFAE agus Airteagal 114 CFAE. Tá rialú déanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lear maith uaireannta faoin gcaoi ar féidir leis an Aontas cuspóirí sa sláinte phoiblí a shaothrú trí lánpháirtiú an mhargaidh inmheánaigh, agus Airteagal 114 á agairt mar bhunús dlí aige.

### CUSPÓIRÍ

Is iad na trí chuspóir straitéiseacha atá i mbeartas sláinte AE ná:

- Dea-shláinte a chothú — ar mhaithe le galair a chosc agus nósanna saoil sláintiúla a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar shaincheistean a bhaineann le cothú, gníomhaíocht choirp, alcól, tobac agus tógáil drugaí, rioscaí comhshaoil agus gortuithe. Agus méadú ag teacht ar líon na ndaoine scothaosta sa phobal, ní mór freisin aird níos mó a thabhairt ar na sainriachtanais sláinte atá ag daoine scothaosta agus, le blianta beaga anuas, táthar ag díriú isteach níos mó ar shláinte mheabhrach;
- Na saoránaigh a chosaint ar bhagairtí sláinte — ar mhaithe le feabhas a chur ar fhaireachas agus ullmhacht i gcás eipidéimí agus bithsceimhlitheoireachta, agus méadú a dhéanamh ar an acmhainneacht freagairt do dhúshláin nua sláinte amhail athrú aeráide;
- Tacú le córais sláinte fhuinniúla — ar mhaithe le cabhrú le córais chúraim sláinte na mBallstát freagairt do na dúshláin a bhaineann le daonraí atá ag dul in aois, leis



an méadú ar na hionchais atá ag saoránaigh agus le soghluaisteacht i measc othar agus gairmithe sláinte, chomh maith le cabhrú le Ballstáit a gcuid córas cúraim sláinte a dhéanamh inbhuanaithe.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

D'eascair beartas sláinte AE as forálacha sláinte agus sábháilteachta agus tráth níos faide anonn rinneadh tuilleadh forbartha air mar thoradh ar shaorghluaiseacht daoine agus earraí sa mhargadh inmheánach, rud a d'fhág go raibh gá le comhordú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhain leis an tsláinte phoiblí. Trí chomhchuibhiú ar bhearta chun an margadh inmheánach a chruthú, tháinig ann d'ardleibhéal cosanta a bhí mar bhunús do thograí i réimse na sláinte agus na sábháilteachta. Mar gheall ar thosca éagsúla, lena n-áirítear géarchéim na heinceifileapaite spúinsí bólaachta ('galar na bó buile') i dtreo dheireadh an fichiú haois, cuireadh sláinte agus cosaint an tomhaltóra go hard ar an gclár oibre polaitiúil. Is sampla de thiomantas méadaithe an Aontais i leith an bheartais sláinte é go ndearnadh gníomhaireachtaí speisialaithe, amhail an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus an Lárionad Eorpach um Ghálair a Chosc agus a Rialú (ECDC), a chur ar bun. Thairbhí an tsláinte phoiblí freisin de ghníomhaíochtaí i réimsí beartais amhail an comhshaol agus bia, i measc réimsí go leor eile. Ba tháscairí maithe freisin iad teacht i bhfeidhm chreat REACH le haghaidh substaintí ceimiceacha a mheas agus a chlárú, agus cruthú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) de na hiarrachtaí ildisciplíneacha a bhí ann chun feabhas a chur ar shláinte shaoránaigh na hEorpa.

### A. Gníomhaíochtaí roimhe seo agus an comhthéacs

In ainneoin nach raibh bunús dlí soiléir ann, bhí forbairt tagtha ar an mbeartas sláinte poiblí i réimsí éagsúla i bhfad sular tháinig an Conradh reatha i bhfeidhm. Tugadh reachtaíocht ar chógais leighis isteach chomh fada siar le 1965 lenar féachadh le caighdeán arda a áirithiú sa taighde ar chógais leighis agus i monaraíocht na gcógais leighis, chomh maith le comhchuibhiú a dhéanamh ar nósanna imeachta náisiúnta i gceadúnú drugaí agus rialacha a thabhairt isteach i dtaca le fógraíocht, lipéadú agus dáileadh. Téann cláir thaighde i gcúrsaí liachta agus sláinte poiblí siar go dtí 1978, agus iad ag clúdach ábhair ar nós dul in aois, fadhbanna sláinte a bhaineann leis an gcomhshaol agus le nósanna maireachtála, rioscaí radaíochta agus anailís ar ghéanóm an duine, le fócas speisialta ar mhórghálair. Chomhaontaigh na Ballstáit freisin cúnamh frithpháirteach a thairiscint i gcás ina dtarlódh tubaiste nó breoiteacht fhíor-thromchúiseach: sampla maith den chomhar agus cúnamh sin é an méid a rinneadh le linn 'galar na bó buile'.

Maidir leis na gníomhaíochtaí sin a rinneadh roimhe seo as ar lean struchtúr bheartas sláinte AE atá anois ann, bhí siad go mór faoi anáil ag roinnt tionscnamh fócasaithe. Nuair a chonacthas go raibh andúil i ndrugaí, ailse agus SEIF (i measc nithe eile) ina saincheisteanna móra sláinte, agus leis an méadú leanúnach a bheith ag teacht ar shaorghluaiseacht othar agus gairmithe sláinte laistigh den Aontas, tuigeadh go mbeadh áit níos tábhachtaí ná riamh ag an tsláinte phoiblí ar chlár oibre an Aontais.

Ba é Conradh Maastricht in 1992, lenar cruthaíodh an tAontas Eorpach, a thug an tsláinte phoiblí isteach sa chonradh bunaitheach. Bhí an raon feidhme sách teoranta,



ach mar sin féin cruthaíodh bunús dlí chun bearta a ghlacadh i réimse an bheartais sláinte. Neartaíodh na forálacha tuilleadh i gConradh Amstardam in 1997, agus cé go raibh an phríomhinniúlacht as cúrsaí sláinte fós ina inniúlacht ag na Ballstáit bhí ról níos tábhachtaí faighte ag an Aontas. Bheadh AE anois in ann bearta a ghlacadh arb é a bhí mar aidhm leo a áirithiú (seachas go díreach a bheith 'ag rannchuidiú le', mar a bhí i gceist roimhe sin) gur ann d'ardleibhéal cosanta i sláinte an duine, agus bheadh na Ballstáit in ann comhoibriú le chéile i nithe a bhain le haon rud ba thrúig le contúirt do shláinte an duine.

In 1993, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le creat le haghaidh gníomhaíochta i réimse na sláinte poiblí, inar sainithníodh roinnt réimsí éagsúla a mbeadh gníomhaíocht le déanamh iontu agus inar cuimsíodh topaicí éagsúla ag réimsiú ó chur chun cinn na sláinte, ag clúdach ailse agus drugaí, go dtí tearcghalair. Bhí an teachtaireacht sin ina réamhtheachtaí do na cláir ilbhliantúla sláinte poiblí a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin. Is é an tátal a baineadh as an meastóireacht ar an gcéad chlár díobh sin ná gur measadh go raibh gá le cur chuige níos cothromaí agus níos idirdhisceplíní don todhchaí ionas go mbeadh breisluach ag gabháil le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Is é an cur chuige sin a leanadh i gceapadh na gclár ina dhiaidh sin<sup>[1]</sup>, i.e. Clár Sláinte Poiblí AE 2003-2008, Clár Sláinte 2009-2013 agus Tríú Clár Sláinte 2014-2020.

## **B. Na forbairtí is déanaí**

Le blianta beag anuas, dhírigh na hinstiúidí isteach ar thrí ghné lárnacha a bhfuil ciallachais dhíreacha acu do bheartais sláinte poiblí:

### **1. Comhdhlúthú an chreata instiúidigh**

Tá ról na Parlaiminte mar chomhlacht cinnteoireachta (trí bhíthin comhchinnteoireachta leis an gComhairle) atreisithe i ndáil le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte, leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bia agus le cosaint an tomhaltóra. Tá mionchoigeartú déanta ar an gcaoi a seolann an Coimisiún tionscnaimh reachtacha, óir gurb ann anois do nósanna imeachta comhairliúcháin caighdeánaithe idir seirbhísí, do rialacha nua coisteolaíochta, agus d'idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus le saineolaithe. Ar deireadh, tá feabhas curtha ar an ról a bhíonn ag na gníomhaireachtaí (EMA, ECDC, EFSA), agus rinneadh an méid sin go sonrath tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Tomhaltóirí (EAHC) a chruthú in 2005, a bhfuil sé mar chúram uirthi Clár Sláinte AE a chur chun feidhme.

### **2. An gá atá le hacmhainneacht mearfhreagartha a neartú**

Feictear anois go bhfuil sé bunriachtanach don Aontas acmhainneacht mearfhreagartha a bheith aige chun freagairt do mhórbhagairtí sláinte ar bhealach comhordaithe, go háirithe i bhfianaise na bagartha ón mbithsceimhlitheoireacht agus an baol atá ann go mbeadh eipidéimí domhanda ann sa ré seo ina bhfágann an meariompar domhanda é níos éasca ag galair scaipeadh.

---

[1][https://ec.europa.eu/health/programme/policy/eight\\_programmes\\_ga](https://ec.europa.eu/health/programme/policy/eight_programmes_ga)



### 3. An gá atá le comhordú feabhsaithe i leith chur chun cinn na sláinte agus i leith galair a chosc

Is é an aidhm atá ann ná dul i ngleic leis na cúiseanna is mó is siocair le drochshláinte a bhaineann le nósanna maireachtála pearsanta agus le tosca eacnamaíocha agus comhshaoil (truailliú ó lotnaidicídí, miotail thromha, suaiteoirí inchríneacha). Thar aon rud eile, tá dlúthchomhar leis na réimsí beartais AE eile, amhail an comhshaoil, iompar, talmhaíocht agus forbairt eacnamaíochta, i gceist leis seo. Sa bhreis air sin, ciallaíonn sé go bhfuil comhar níos dlúithe leis na páirtithe leasmhara uile ann agus tuilleadh oscailteachta agus trédhearcachta sa chinnteoireacht. Tionscnamh atá lánach dó seo is ea sásra comhairliúcháin phoiblí maidir le cúrsaí sláinte a chur ar bun.

#### C. Saincheisteanna reatha agus dúshlán atá ag teacht chun cinn[2]

##### 1. Sláinte sna réimsí beartais uile

Trí shineirgíochtaí a bheith ann trasna na réimsí beartais éagsúla, is féidir dul i ngleic le saincheisteanna sláinte as chomhthéacs níos leithne. Beidh an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc[3] ag rannchuidiú le bia inbhuanaithe a tháirgeadh, ach ní hamháin sin rannchuideoidh sé freisin le bia níos sláintiúla a tháirgeadh; cruthóidh an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach[4] spás maireachtála níos glaine agus níos sláintiúla; trí mhaoiniú sláinte poiblí a lánpháirtiú i gCiste Sóisialta na hEorpa plus (CSE+)[5], chomh maith le cistí agus cláir eile, cabhrófar le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláinte ó dhearcthaí éagsúla de. Sa phróiseas a bhaineann leis an tionchar ar an athrú aeráide a mhaolú, áirítear freisin dul i ngleic leis na fadhbanna sláinte a tháinig ann de bharr athrú aeráide nó atá déanta níos measa aige[6], amhail an méadú ar an líon daoine a fhaigheann bás de thoradh tonnta teasa agus tubaistí nádúrtha agus na patrúin athraitheacha atá ag teacht chun cinn i gcás galair uisce-iompartha agus galair arna dtarchur ag feithidí, seilidí nó ainmhithe fuarfhuilteacha eile.

Tá an cur chuige dar teideal Sláinte sna Beartais Uile (HIAP), arna chódú i gConradh AE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, ag freagairt don nádúr trasearnálach atá ag saincheisteanna sláinte poiblí agus é mar aidhm leis gnéithe sláinte a lánpháirtiú sna beartais ábhartha go léir[7].

##### 2. Cosaint galair agus cur chun cinn na sláinte

Is í an ailse an dara cúis is mó báis san Aontas agus cuireann iarmhairtí an ghalair sin isteach ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh, ach chomh maith leis sin tá siad le sonrú ar leibhéal náisiúnta sna córais chúraim sláinte, sna buiséid agus sa táirgiúlacht eacnamaíoch. Tá cur chuige cuimsitheach, ar a dtugtar Plean Sáraithe Ailse na hEorpa[8], á tharraingt suas faoi láthair agus clúdaíonn sé cosc, luathdhiagnóis, cóireáil agus cóireáil leantach.

[3][https://ec.europa.eu/food/farm2fork\\_en](https://ec.europa.eu/food/farm2fork_en)

[4][https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/european-green-deal-communication\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/european-green-deal-communication_en.pdf)

[5][https://ec.europa.eu/health/funding/future\\_health\\_budget\\_ga](https://ec.europa.eu/health/funding/future_health_budget_ga)

[6]<https://www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/climate-change-and-health>

[7] Airteagail 9 agus 168(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; Airteagal 35 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

[8][https://ec.europa.eu/health/non\\_communicable\\_diseases/cancer\\_ga](https://ec.europa.eu/health/non_communicable_diseases/cancer_ga)



Sa bhreis ar thionscnaimh nua, tá gá freisin le cur chun feidhme cuí a dhéanamh ar bhearta atá ann cheana agus b'fhéidir athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh atá ann cheana. Mar shampla, tá moltaí ar leibhéal AE i bhfeidhm faoi chláir scagthástála le haghaidh ailse bhrollagh, ailse cheirbeacs agus ailse cholairiecteach, ach tá éagsúlacht mhór ar fud na mBallstát san fhor-rochtain chuig an spriocphobal, an líon daoine a théann chuig scagthástáil agus an chóireáil leantach ar thorthaí neamhchinnte nó deimhneacha. Tá plé ar siúl freisin i dtaobh ar cheart scóip na gclár scagthástála a leathnú amach chun go n-áireofaí iontu cineálacha eile ailse freisin agus níos mó daoine a chlúdach sa spriocphobal.

Bhí Gníomhaíocht Chomhpháirteach um Meabhairshláinte agus um Dea-bhail<sup>[9]</sup> an Aontais ann ó 2013 go 2018, agus is as sin a cruthaíodh Creat Eorpach le haghaidh Gníomhaíocht um Meabhairshláinte agus um Dea-bhail<sup>[10]</sup>. Cé go raibh saolré na gníomhaíochta comhpháirtí teoranta, is saincheist mhór i gcónaí atá i bhfeasacht ar shláinte mheabhrach. Tá féinmharú ar an dara cúis is mó báis san aoisghrúpa 15-29, agus dá réir sin tá tábhacht mhór i gcónaí le cosc, feasacht, neamh-aithisiú agus rochtain ar chúnamh nuair a bhítear ag déileáil le dúghalar, féindíobháil agus féinmharú. Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin ar shláinte mheabhrach sna scoileanna agus san áit oibre.

Maidir le galair theagmhálacha, tá reachtaíocht i bhfeidhm (Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE)<sup>[11]</sup> chun creat a sholáthar chun déileáil le bagairtí trasteorann ar an tsláinte: tá Córas Luathrabhaidh agus Freagartha curtha ar bun ag ECDC, agus déanann Coiste Slándála Sláinte comhordú ar an bhfreagairt ar ráigeanna agus eipidéimí. Tá comhar le hEagraíocht Dhomhanda Sláinte na Náisiún Aontaithe Iárnach sna cásanna sin, mar a bhí le feiceáil sa ráig den choróinvíreas nua (nCov-2019) a tharla i dtús 2020<sup>[12]</sup>.

Is tosca sa stíl mhaireachtála atá in úsáid drugaí, alcóil agus tobac a bhfuil tionchar tromchúiseach acu ar shláinte an duine, agus is mórchúram don bheartas sláinte poiblí atá sa chomhrac ina aghaidh sin. Ba chlocha míle sa phróiseas seo a bhí sa Treoir maidir le Táirgí Tobac (Treoir 2014/40/EU<sup>[13]</sup>; infheidhme ó 2016) agus sa Treoir maidir le Cáin Tobac (Treoir 2011/64/AE ón gComhairle<sup>[14]</sup>). Tá plé agus tuilleadh meastóireachta le déanamh ar aon obair leantach a thiocfadh as Straitéis Drugaí AE 2013-2020<sup>[15]</sup> agus as Straitéis Alcóil AE 2006-2012 ([COM\(2006\)0625](#))<sup>[16]</sup>.

Is céim thábhachtach freisin é Plean Gníomhaíochta AE in aghaidh an Mhurtaill i measc Leanaí 2014-2020<sup>[17]</sup> chun sruthlíniú a dhéanamh ar bhearta éagsúla chun dul i ngleic le murtall, cé go bhfuil sé léirithe ag an meastóireacht mheán-téarma gur féidir an

---

[9][https://ec.europa.eu/health/non\\_communicable\\_diseases/mental\\_health\\_ga](https://ec.europa.eu/health/non_communicable_diseases/mental_health_ga)

[10]<https://www.mentalhealthandwellbeing.eu/>

[11]IO L 293, 5.11.2013, Ich. 1.

[12]<https://www.ecdc.europa.eu/en/case-definition-and-european-surveillance-human-infection-novel-coronavirus-2019-ncov>

[13]IO L 127, 29.4.2014, Ich. 1.

[14]IO L 176, 5.7.2011, Ich. 24.

[15]IO 2012/C 402/01

[16]<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52006DC0625&from=GA>

[17][https://ec.europa.eu/health/sites/health/files/nutrition\\_physical\\_activity/docs/childhoodobesity\\_actionplan\\_2014\\_2020\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/health/sites/health/files/nutrition_physical_activity/docs/childhoodobesity_actionplan_2014_2020_en.pdf)



scéim a neartú tuilleadh, ach gur chinn an Chomhairle nach raibh an clár éifeachtach a dhóthain.

### 3. Athruithe sa tsochaí, trasdul déimeagrafach

Tá saincheistean eile tagtha isteach faoi réim an bheartais sláinte mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha atá tarlaithe le déanaí. Ní mór freagairt a thabhairt ar aosú an daonra san Aontas, ar an éileamh ar cháilíocht saoil i measc daoine aosta agus inbhuanaitheacht na gcóras cúraim sláinte. In 2020, sheol EDS Deichbhliain an Aosaíthe Shláintiúil, agus tá Páipéar Uaine ar an aosú geallta ag Coimisiún Von de Leyen.

Leis na géarchéimeanna imirce a bhí ann le déanaí agus lear mór imirceach neamh-AE ag teacht, bhí ugach ann le Plean Gníomhaíochta maidir le Náisiúnaigh Tríú Tír a Lánpháirtiú (COM(2016(0377)<sup>[18]</sup> a ghlacadh. I measc rudaí eile, tugann an Plean Gníomhaíochta aghaidh ar mhíbhuntáistí a bhaineann le sláinte a bhíonn ag imircigh, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sláinte. Meastar go bhfeabhsófar cúrsaí tuilleadh leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce agus leis an gComhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann atá molta ag an gCoimisiún nua.

Chomh fada siar le 2015, bhí iarrtha ag Parlaimint na hEorpa go mbeadh gníomhaíocht ann chun neamhionannas san óige a laghdú i réimsí ar nós réimse na sláinte, agus go dtabharfaí isteach Ráthaíocht i dtaobh Leanaí i gcomhthéacs an Phlean Eorpaigh chun an bhochtaineacht i measc leanaí a chomhrac<sup>[19]</sup>. Táthar ag dréim leis go dtabharfaidh an Coimisiún nua an méid seo i gcrích, agus ag an am céanna tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ag breathnú freisin ar a éifeachtaí atá tacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit chun bochtaineacht leanaí a laghdú.

### 4. Cógais leighis<sup>[20]</sup>

Beidh feidhm in 2020 ag an rialachán nua maidir le trialacha cliniciúla agus ag an reachtaíocht ar fheistí leighis agus feistí diagnóiseacha *in vitro*. Beidh faireachán agus cur i bhfeidhm praiticiúil i dtaca leis na rialacháin sin tábhachtach chun go bhfeicfear an dtiocfaidh na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo astu. Beidh rochtain ar chógais inacmhainne agus dul i ngleic le ganntanais cógas leighis ina ngné den chlár oibre polaitiúil sna blianta seo amach romhainn, go háirithe i bhfianaise Brexit. Déanfaidh an mheastóireacht ar an reachtaíocht ar chógais leighis do leanaí agus ar thearcghalair, agus na treoracha maidir le fuil, fíocháin agus cealla an bealach a réiteach d'athruithe amach anseo. Tá sé léirithe cheana ag Parlaimint na hEorpa gurb ábhar buartha di an drogall i leith vacsaíní agus an titim atá ag teacht ar rátaí vacsaínithe<sup>[21]</sup>, agus tá a tuairim tugtha aici i leith an Phlean Gníomhaíochta Eorpaigh “Aon Sláinte Amháin” maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha<sup>[22]</sup>; ceisteanna lárnacha a bheidh iontu sin fós sna blianta atá le teacht.

---

[18][https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we-do/policies/european-agenda-migration/proposal-implementation-package/docs/20160607/communication\\_action\\_plan\\_integration\\_third-country\\_nationals\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we-do/policies/european-agenda-migration/proposal-implementation-package/docs/20160607/communication_action_plan_integration_third-country_nationals_en.pdf)

[19]<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52015IP0401>

[21]<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52018IP0188>

[22]<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52018IP0354>





## 5. r-Shláinte

Tá na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ag feabhsú an timthrialla iomláin i gcúrsaí sláinte, ó chosc trí dhiagnóis go dtí cóireáil, faireachán agus bainistiú sláinte agus nós maireachtála. Tá digiteáil na hearnála cúraim sláinte ina cuid de Straitéis AE maidir le Margadh Aonair Digiteach<sup>[23]</sup> agus tá acmhainn ollmhór aici; chun go n-oibreodh sé, tá bearta éagsúla á ndéanamh.

Sa [Teachtaireacht maidir le Claochlú Digiteach na Sláinte agus an Chúraim Sláinte sa Mhargadh Aonair Digiteach](#) ón mbliain 2018 (COM(2018)0233<sup>[24]</sup>), sainithnítear mar thosaíochtaí: rochtain shlán ag saoránaigh ar a gcuid sonraí sláinte, agus é sin trasna teorainneacha freisin; cógais leighis pearsantaithe trí bhonneagar sonraí comhroinnte Eorpach, a thugann deis do thaighdeoirí agus do ghairmithe sláinte eile acmhainní a chomhthiomsú ar fud an Aontais; agus saoránaigh a chumhachtú le huirlisí digiteacha le haghaidh aiseolas ó úsáideoirí agus cúram duinelárnach (réitigh sláinte mhóibíleacha, cógais leighis phearsantaithe). Beidh an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte<sup>[25]</sup> ina líonra fisiciúil chuige sin.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint go leanúnach i bhfách le beartas sláinte poiblí comhleanúnach a bhunú. D'fhéach sí freisin leis an mbeartas sláinte a neartú agus a chur chun cinn tríd an iliomad tuairimí, staidéar, díospóireachtaí, dearbhuithe i scríbhinn agus tuarascálacha féintionscnaimh maidir le raon leathan saincheisteanna.

Is é an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI<sup>[26]</sup>) príomhghníomhaí na Parlaiminte i gcúrsaí sláinte agus is é a dhéanann os cionn 10 % de ghníomhaíocht reachtach uile na Parlaiminte<sup>[27]</sup>. Ar na príomhchomhaid reachtacha<sup>[28]</sup> a glacadh le déanaí, tá, mar shampla, rialachán nua ar thrialacha cliniciúla, ar fheistí leighis agus ar feistí diagnóiseacha *in vitro*, chomh maith le cúram sláinte trasteorann, an treoir maidir le táirgí tobac agus cinní chun cláir cistithe sláinte a bhunú. Beidh tionchar díreach nó indíreach ag cuid shubstainteach den phacáiste don Chomhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640) ar an tsláinte, amhail straitéis le haghaidh geilleagar glan agus ciorclach, an uailmhian ionsar thruaillíu nialasach, inbhuanaitheacht sa slabhra bia a ghnóthú agus neodracht aeráide. Déanfar reachtaíocht ghaolmhar a ghlacadh in éineacht leis an bParlaimint mar chomhreachtóir. Feidhmíonn an Pharlaimint freisin a ceart grinnscrúdaithe trí sheiceáil a dhéanamh ar ghníomhartha tarmilgthe agus cur chun feidhme a bhíonn molta ag an gCoimisiún i dtaca le reachtaíocht a glacadh roimhe sin, agus b'fhéidir agóid a dhéanamh in aghaidh na ngníomhartha sin; déanann Coiste ENVI obair ullmhúcháin sa réimse sin. Tá ról gníomhach ag an Meitheal Sláinte laistigh de ENVI, faoi mar a bhí roimhe

[23]<https://ec.europa.eu/digital-single-market/en>

[24]<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM%3A2018%3A233%3AFIN>

[25][https://ec.europa.eu/health/ehealth/overview\\_ga](https://ec.europa.eu/health/ehealth/overview_ga)

[26]Leathanach baile Choiste ENVI: <https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/envi/home.html>

[27]Tuarascáil ghníomhaíochta – Forbairtí agus Treochtaí sa Ghnáthnós Imeachta Reachtach – 8ú Téarma Parlaiminte; [http://www.epgencms.europarl.europa.eu/cmsdata/upload/f4c0b9d3-fec4-4d79-815b-6356336be5b9/activity-report-2014-2019\\_en.pdf](http://www.epgencms.europarl.europa.eu/cmsdata/upload/f4c0b9d3-fec4-4d79-815b-6356336be5b9/activity-report-2014-2019_en.pdf)

[28]Le haghaidh comhaid ina raibh ENVI ina choiste ceannais, cuardaigh i mbunachar sonraí Fhaireachlann Reachtach na Parlaiminte: [https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/search/search.do?searchTab=y&snippet=true&committeeResponsible\\_sid=586080&lang=en&dismax=y](https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/search/search.do?searchTab=y&snippet=true&committeeResponsible_sid=586080&lang=en&dismax=y)



seo, maidir le malartuithe idir FPEanna agus saineolaithe gairmiúla a chur chun cinn i dtaobh fhormhór na saincheisteanna sláinte reatha, agus déanann sé an méid sin trí cheardlanna téamacha a eagrú agus trí shaineolas i scríbhinn a sholáthar (staidéir, anailís<sup>[29]</sup>).

Zsuzsanna Laky  
02/2020

---

[29]Le haghaidh saineolas i scríbhinn a tugadh do Choiste ENVI agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an choiste: <https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/envi/supporting-analyses.html>

